# RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHTA IONAD OILIÚNA RÉIGIÚNACH BHAILE CÚLANN

**Cé muid?**

Ionad Oiliúna Réigiúnach Bhaile Cúlann/Comhairle Contae Fhine Gall

| | |
|---|---|
| Údarás Áitiúil | Comhairle Contae Fhine Gall |
| Stiúrthóireacht | Gnóthaí Corparáideacha & Rialachas |
| Roinn | Acmhainní Daonna |
| Rannóg/Seirbhís | Ionad Oiliúna Réigiúnach Bhaile Cúlann (BRTC) |

**Cén fáth a bhfuil Ráiteas Príobháideachta againn?**

Chruthaigh Ionad Oiliúna Réigiúnach Bhaile Cúlann an ráiteas príobháideachta seo d'fhonn ár dtiomantas daingean i leith príobháideachta a léiriú agus chun a chinntiú duit go gcinnteoimid slándáil na sonraí a sholáthraíonn tú dúinn i do chuid déileálacha go léir le hIonad Oiliúna Bhaile Cúlann.
Cruthaíonn, bailíonn agus próiseálann Ionad Oiliúna Réigiúnach Bhaile Cúlann méid suntasach sonraí pearsanta i bhformáidí éagsúla go laethúil. Is é tiomantas Ionad Oiliúna Réigiúnach Bhaile Cúlann go bhfuil na sonraí pearsanta a d'fhéadfadh go mbeadh gá ort a sholáthar dúinn;

- Faighte go dleathach, go cothrom agus go trédhearcach
- Faighte chun críocha sonraithe, follasacha agus dlisteanacha amháin
- Leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid atá riachtanach chun na críocha a bhfuarthas iad
- Taifeadta, stóráilte go cruinn agus go sábháilte agus nuair is gá coinnithe cothrom le dáta
- Nach gcoinnítear iad ach chomh fada agus is gá chun na críocha a bhfuarthas iad
- Coinnithe i bhformáid a cheadaíonn ábhar na sonraí a shainaithint
- Nach ndéantar iad a phróiseáil ach ar bhealach a chinntíonn slándáil chuí na sonraí pearsanta
  lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach.

**Cad iad na sonraí pearsanta a bhailímid agus cén aidhm atá leis na sonraí seo a bhailiú?**

| **Gníomhaíocht Próiseála Sonraí** | **Cuspóir** | **Bunús Dleathach chun Sonraí a Phróiseáil** | **Comhroinnt Triú Páirtí** | **Próiseálaithe Sonraí Triú Páirtí** |
|---|---|---|---|---|
| Seachadadh oiliúint dheimhnithe, agus neamhdheimhnithe d'fhoireann an Údaráis Áitiúil, do chomhlachtaí poiblí eile agus don earnáil phríobháideach | Chun na fostóirí a éascú lena chinntiú go bhfuil an fhoireann oilte go cuí | A. 159 den Acht Rialtais Áitiúil 2001<br><br>A. 65 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 | SOLAS<br>QQI<br>Cathair agus Gildeanna<br>An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre<br>Oifig | Soláthraithe Oiliúna |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Toiliú faoi Airteagal 6 (1) (a) RGCS | Bainistíochta Bóithre<br>Oifig LASNTG<br>Na ceithre Ionad Oiliúna eile<br>Comhlachtaí Maoinithe | |
| Iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí, AIE, An tOmbudsman | Iarratais ar fhaisnéis agus gearáin ó Fhostóirí, Foghlaimeoirí agus Soláthraithe Oiliúna a éascú | An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014, An tAcht um Chosaint Sonraí 2018, Rialacháin AIE 2007, arna leasú, An tAcht um Ombudsman 1980, arna leasú | Oifig an Choimisinéara Faisnéise, An Coimisiún um Chosaint Sonraí, Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Chomhshaoil, Oifig an Ombudsman | Ní hann dóibh |
| Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta | Feidhmíocht agus forbairt foirne | A. 159 den Acht Rialtais Áitiúil 2001<br><br>A. 65 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 | Ní hann dóibh | Ní hann dóibh |
| Tairiscint a ardú ar r-thairiscintí | Aighneachtaí tairisceana a phróiseáil | A. 65 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 | Ní hann dóibh | Ní hann dóibh |
| Sláinte & Sábháilteachta | Sláinte & Sábháilteacht na foirne/an phobail a chosaint | A.159 den Acht Rialtais Áitiúil 2001<br><br>A. 65 den Acht Rialtais Áitiúil 2001<br><br>An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, arna leasú | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta | Ní hann dóibh |

**Conas a chosnaímid é?**

Tá slándáil d'fhaisnéise phearsanta tábhachtach dúinn. Tá na taifid a choinnímid fút slán agus faoi rún laistigh d'Ionad Oiliúna Réigiúnach Bhaile Cúlann. Tá raon nósanna imeachta, beartas agus córas ag Ionad Oiliúna Réigiúnach Bhaile Cúlann chun a chinntiú go ndéantar rochtain ar do shonraí a rialú go cuí. Ina measc tá:

Criptiú, rud a chiallaíonn nach féidir sonraí a léamh gan eolas speisialta, mar shampla pasfhocal.

Rochtain rialaithe ar chórais agus líonraí, a ligeann dúinn rochtain ar do shonraí a shrianadh do na baill foirne sin a bhfuil cead acu déanamh amhlaidh.

Soláthraítear oiliúint d'fhoireann i mbeartais agus i nósanna imeachta cosanta sonraí.

**An roinnimid é?**

Ní roinnfear d'fhaisnéis le heagraíochtaí eile mura bhfuil do thoiliú againn nó má tá bunús dlí leis sin a dhéanamh.

**Cá fhad a choinnímid é?**

Tá na sonraí a bhailímid agus na taifid a chruthaímid bunaithe ar na sonraí sin faoi réir Sceideal Coinneála, a thugann breach-chuntas ar an bhfad a choinneoimid na sonraí, agus ar an méid a dhéanfaimid leis tar éis don tréimhse choinneála dul in éag.

**Do Chearta**

Tá sé de cheart agat rochtain ar shonraí pearsanta a choinnítear fút a iarraidh, dearbhú a fháil maidir le cíbe an bhfuil sonraí ann fút, a bheith ar an eolas faoi ábhar agus foinse na sonraí agus a gcruinneas a sheiceáil. Ina theannta sin, má aimsítear go bhfuil na sonraí atá againn míchruinn tá sé de cheart agat sonraí pearsanta atá i seilbh Chomhairle Contae Fhine Gall a athrú, a bhaint, bac a chur leo, nó agóid a dhéanamh ina gcoinne. I gcúinsí áirithe d'fhéadfadh bac a chur ar rochtain ar shonraí moill a chur ar rochtain ar sheirbhís nó í a bhaint nuair a éilítear na sonraí de réir dlí nó chun críocha riachtanacha a bhaineann le seirbhís a sholáthar duit. Tabhair le fios le do thoil chun cabhrú le do phríobháideacht a chosaint, glacaimid céimeanna chun d'aitheantas a fhíorú sula ndeonófar rochtain ar shonraí pearsanta.

Chun na cearta seo a fheidhmiú ba cheart duit na céimeanna seo a leanas a ghlacadh,

Caithfear iarratas a dhéanamh ar shonraí pearsanta a choinníonn Comhairle Contae Fhine Gall i scríbhinn tríd an bpost nó trí ríomhphost a sheoladh chuig:

An tOifigeach Cosanta Sonraí, An Roinn Gnóthaí Corparáideacha & Rialachais, Comhairle Contae Fhine Gall, An Phríomhshráid, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath

R-phost: Data.Officer@fingalcoco.ie

Teil: 01 8905162

**Nós imeachta gearán**

Mura bhfuil tú sásta le toradh an fhreagra a fuair tú ó Chomhairle Contae Fhine Gall maidir le d'iarratas, ansin tá tú i dteideal gearán a dhéanamh leis An Coimisinéir um Chosaint Sonraí a fhéadfaidh an scéal a imscrúdú ar do shon.

Is é láithreán an Choimisinéara um Chosaint Sonraí www.dataprotection.ie nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh lena nOifig ag:

Uimhir Íosghlao: 1890 252 231

R-phost: info@dataprotection.ie

Seoladh Poist: An Coimisinéir um Chosaint Sonraí

Teach na Canálach

Bóthar an Stáisiúin

Cúil an tSúdaire, Co. Laoise. R32 AP23.